# Airgead – Moltaí don teagasc

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Spreag rólghlacadh agus súgradh samhlaíoch i gcomhthéacsanna atá fiúntach do pháistí
- Tabhair dúshlán do pháistí a gcuid smaointe maidir le hairgead agus/nó gnó a chur i láthair trí dhúshláin spraíúla
- Iarr ar na páistí meastacháin a sheiceáil agus smaointe a thástáil ag baint úsáid as ríomhanna agus áireamháin

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun tascanna oscailte a bhaineann le hairgead a fhiosrú agus chun tabhairt fúthu
- Spreag páistí chun machnamh a dhéanamh ar réitigh nó smaointe chun an luach is fearr ar airgead a chinneadh
- Cuir dúshlán agus castacht isteach i leith tascanna trí líon na ríomhanna a mhéadú, méideanna barrachais a chur leis, athróga eile a athrú

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Úsáid comhthéacsanna nó cásanna a bhaineann le hairgead atá tráthúil (séasúrach), gar don fhíorshaol agus atá dúshlánach go cuí
- Tabhair aitheantas agus déan ceiliúradh ar imeacht ón bhfíorshaol inar bailíodh airgead
- Spreag an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoi airgead agus a úsáideacht sa saol

## BÉIM A CHUR AR SHAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag páistí le léiriú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun airgead a thaifeadadh
- Tabhair blaiseadh do na páistí de réimse spreagthaí, acmhainní agus comhthéacsanna a bhaineann le hairgead
- Úsáid cásanna oscailte chun ligean do pháistí samhlacha a thógáil agus a thástáil maidir le hairgead

## COMHRÁ MATA A CHUR CHUN CINN

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí idirbhearta a chur i bhfeidhm a bhaineann le ceannach agus díol
- Éascaigh ceisteanna scrúdtacha chun feasacht agus tuiscint ar luach airgeadaíochta a neartú
- Cinntigh spás do pháistí chun cinntí airgeadais a phlé agus údar a thabhairt dóibh